# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

## EOLAÍOCHT TALMHAÍOCHTA – ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 18 MEITHEAMH – MAIDIN 09.30 – 12.00

**SÉ CHEIST LE FREAGAIRT**

## SÉ CHEIST LE FREAGAIRT

**1.** Freagair **sé cinn** ar bith díobh seo a leanas:

(a) (i) Cén fhine phlandaí a mbaineann an tseamair léi?
(ii) Tabhair **dhá** thréith den tseamair a bhfuil tábhacht leo sa talmhaíocht.

(b) (i) Mínigh an téarma *spreacadh hibrideach*.
(ii) Luaigh **dhá** shampla de phlandaí **nó** d'ainmhithe a léiríonn spreacadh hibrideach.

(c) Maidir le ba bainne luaigh fad na dtéimhsí seo, i laethanta:
(i) an t-iompar
(ii) an lachtadh
(iii) an t-éastras.

(d) Tabhair **trí** chúis le pobail bheaga cuiteog a bheith in ithreacha áirithe.

(e) Ainmnigh **trí** mhianra atá i mbruthcharraigeacha.

(f) Mínigh an ceangal idir an giorrú i bhfad an lae agus an teacht chun éastrais i gcaoirigh.

(g) Tabhair **trí** chúis le hinseamhnú saorga (IS nó *AI*) na n-ainmhithe feirme a bheith á úsáid níos minicí ná roimhe seo.

(h) Mínigh feidhmeanna na gcodanna seo a leanas i gcóras díleá na n-éanlaithe clóis:
(i) an prócar
(ii) an eagaois.

(i) Tarraing léaráid lipéadaithe de thrasghearradh trí ghas monacotailéadónach.

(j) Ainmnigh **dhá** speiceas planda nó cineál luibhre ar bith le cur san áireamh i meascán síol féir chun féarach buan a tháirgeadh.

**(60 marc)**

**2.** (a) (i) Déan cur síos sách mion ar an bhfáth ar chóir a bheith cúramach agus sampaí ithreach á dtógaint i bpáirc sula ndéantar tástáil ar na lebhéil torthúlachta ithreach.
(ii) Cad is brí leis an téarma *riachtanas aoil*?
(iii) Liostaigh na dúile atá le fáil in aolchloch mheilte.

(b) (i) Mínigh *malartú caitian*.
(ii) Mínigh an téarma *acmhainn mhalartaithe caitian* (*CEC*).
(iii) Luaigh cineál ithreach ina bhfuil an acmhainn mhalartaithe caitian (*CEC*) an-íseal.
(iv) Déan cur síos ar mhodh inar féidir an acmhainn mhalartaithe caitian (*CEC)* a mhéadú san ithir.

(c) Déan cur síos ar thurgnamh saotharlainne chun láithreacht fosfáití in ithir a thástáil.

**(48 marc)**

**Rogha a hAon**

**3.** (a) Cuir síos go hachomair ar na modhanna póraithe codarsnacha a mbaintear úsáid astu in dhá fheirm dhéiríochta éagsúla, ceann acu páirteach i dtáirgeadh bainne leachtaigh, an ceann eile ina soláthróir bainne don uachtarlann.

(b) Tarraing graf a léiríonn fás bodóige atá le lao a bhreith san earrach agus léirigh an méadú i meáchan an choirp thar an tréimhse dhá bhliain. Ba cheart na spriocmheáchain ag na hamanna seo a leanas a léiriú:
(i) breith
(ii) cur faoi dhíon an chéad gheimhridh
(iii) seirbheáil
(iv) breith lao.

(c) Tabhair **trí** chúis leis an tréimhse scíthe idir deireadh lachtaithe amháin agus tús an chéad chinn eile.

**(48 marc)**

**NÓ**

**Rogha a Dó**

**3.** (a) Liostaigh na comharthaí sláinte inmhianaithe in ainmhí feirme.

(b) Luaigh na tosca a chuireann le bás caorach agus uan.

(c) Déan cur síos ar conas a athraíonn díleáiteacht féir le linn dó bheith ag fás.

**(48 marc)**

**4.** Déan cur síos ar mhodh saotharlainne nó páirce chun **dhá** cheann ar bith díobh seo a dhéanamh amach:

(a) An céatadán péactha i ngránach.

(b) An luach calrach i mbia-ábhair ainmhí feirme.

(c) An éifeacht atá ag luibhicíd roghnaíoch.

(d) Láithreacht baictéar i bhfréamhnóidíní seamair.

**(48 marc)**

5. (a) Déan cur síos ar shaothrú eorna earraigh **nó** ar phríomhbharr prátaí faoi na ceannteidil seo a leanas:
   (i) Riachtanais na hithreach
   (ii) Uainíocht
   (iii) Srianadh fiailí
   (iv) Barr (tonnaí in aghaidh an heicteáir).

(b) (i) Mínigh na téarmaí seo a leanas mar a bhaineann siad le leasacháin shaorga:
   *Ionadú*
   *Scaipeadh*
   *Barrleasú*.
   (ii) Luaigh cúinse amháin ina mbainfí leas as ceann **amháin** de na modhanna luaite thuas agus barr á fhás.

(c) Is ar phrátaí plúracha (ábhar tirim ard) atá an t-éileamh is mó i measc tomhaltóirí na hÉireann.
   (i) Mol leasachán cumaisc oiriúnach chun túbair phlúracha a tháirgeadh.
   (ii) Tabhair **trí** chúis leis an ábhar tirim a bheith íseal i dtúbair phrátaí.

**(48 marc)**

6. (a) (i) Cén fíleam lena mbaineann feithidí?
   (ii) Déan cur síos ar ról a d'fhéadfadh a bheith ag feithidí i dtáirgeadh barr.
   (iii) Mol **dhá** chúis le líon speiceas áirithe feithidí a bheith ag dul i laghad ar thalamh feirme.
   (iv) Ainmnigh na céimeanna i saolré feithide a ghabhann faoi mheiteamorfóis iomlán.
   (v) Mínigh céard a chiallaíonn *meiteamorfóis neamhiomlán* feithidí.

(b) Déan cur síos ar fhoirmle dhéadach athchogantaigh.

(c) Déan cur síos ar phróiseas an díleá i seomraí an ghoile in ainmhí athchogantach.

**(48 marc)**

7. (a) Mínigh **dhá** cheann ar bith de na téarmaí seo a leanas:
   *Géin mharfach*
   *Géin chúlaitheach*
   *Géin ghnéasnasctha*.

(b) Mol chúiseanna leis an gcuil thorthaí (*Drosophila*) a bheith ina hábhar oiriúnach le haghaidh turgnamh sa ghéineolaíocht.

(c) San arbhar Indiach seasann **G** don ghlas agus **g** don ailbíneach. Cuireadh 55 síol arbhair agus bhí 42 planda glas agus 13 plandaí ailbíneacha sa toradh. Taispeáin le crosálacha oiriúnacha conas a tharla an toradh seo agus tuismitheoirí homaisigeacha á n-úsáid ag an tús.

(d) Déan cur síos achomair ar phríomhchéimeanna an aistrithe sutha i mba.

**(48 marc)**

**8.** Freagair **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:

(a) (i) Déan cur síos achomair ar an timthriall carbóin agus léaráid lipéadaithe á húsáid agat.
(ii) Mol cleachtas **amháin** a d'fhéadfadh feirmeoirí a fheidhmiú suas chun an lorg carbóin a laghdú i dtalmhaíocht na hÉireann.

(b) (i) Déan comparáid idir sciodar agus aoileach agus cuir i gcodarsnacht iad.
(ii) Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste le leathadh sciodair.

(c) Mínigh an difríocht idir na téarmaí in aon **trí** cinn de na péirí seo a leanas:
(i) Tástáil éifeachta agus tástáil sleachta.
(ii) Sistéamach agus siombóiseach.
(iii) Sainbheathú táirgeachta agus sainbheathú cothaithe.
(iv) Glicigin agus glúcós.

**(48 marc)**

**9.** Tabhair míniú eolaíoch ar **cheithre** cinn díobh seo a leanas:

(a) Barra céadphrátaí luatha á bhfás i réigiúin faoi leith in Éirinn.

(b) Éileamh níos mó ar fhuinneamh ag ainmhí feirme agus é á fhágáil amuigh le linn an gheimhridh.

(c) Teip ar shíolta gránbhairr péacadh tar éis a gcur.

(d) Foirmiú cruachiseal iarainn i bpróifíl ithreach.

(e) Úsáid an phlaistigh i saothrú arbhair.

**(48 marc)**

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN